



Preasráiteas

Lucsamburg, 1 Deireadh Fómhair 2022

Tá Tony Murphy i mbun cúraim mar Uachtarán ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Inniu, an 1 Deireadh Fómhair 2022, tá Tony Murphy ag dul i mbun cúraim mar Uachtarán nua na Cúirte Iniúchóirí ar feadh téarma in-athnuaite trí bliana.

An 20 Meán Fómhair, thogh Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí Tony Murphy (Éireannach) le fónamh mar Uachtarán ar an institiúid don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025. Tá sé ag teacht i gcomharbas ar Klaus-Heiner Lehne, a bhí ina Uachtarán ar an institiúid ó 2016.

Is as an gCabrach i mBaile Átha Cliath do Tony Murphy agus rinneadh Comhalta den Chúirt Iniúchóirí de in 2018. Is iniúchtaí airgeadais a bhí mar phríomhfhreagracht air, agus é sin freisin ina cháil mar an Comhalta den Chúirt ar a bhfuil freagracht as an tuarascáil bhliantúil. Bhí freagracht freisin air i dtaobh iniúchtaí a bhain le bochtaineacht leanaí agus le rialtacht an chaiteachais i mbeartas comhtháthaithe an Aontais. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Sheomra IV (Rialáil Margaí agus an Geilleagar Iomaíoch) sa Chúirt Iniúchóirí agus bhí sé i gceannas ar oifig phríobháideach dhuine de na Comhaltaí. Chuir sé tús lena ghairm i ndeireadh na 1970í mar iniúchóir in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i mBaile Átha Cliath. Tá a CV iomlán le fáil [anseo](#).

“Is mór an onóir domsa go bhfuilim tofa mar Uachtarán ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Comhaltaí na Cúirte as an muinín atá acu ionam,” arsa Tony Murphy go gairid i ndiaidh a thofa, “is maith is eol dom go bhfuil freagracht mhór ag gabháil leis an ról atá anois agam. Beidh mé ag díriú isteach ar leanúint den obair a dhéanaimid agus a chuireann le feabhas a chur ar chuntasacht agus trédhearcacht i ngach uile chineál gníomhaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé sin tábhachtach ionas go mbeidh iontaoibh ag na saoránaigh as an Aontas Eorpach agus as cúrsaí airgeadais san Aontas.”

Tá Tony Murphy ag glacadh chúram an Uachtaráin (an 12ú hUachtarán ar an gCúirt Iniúchóirí) ag tráth a bhfuil dúshlán mhóra ann don Aontas Eorpach go ginearálta agus don Chúirt Iniúchóirí go háirithe. Ceann de na tascanna is suntasaí a mbeidh ar an institiúid déileáil leis i rith théarma oifige an Uasail Murphy is ea a chinntiú go ndéanfar bainistiú fóna agus éifeachtach ar bhuiséad de €1.8 trilliún atá ag an Aontas agus, chomh maith leis sin, a chinntiú go mbeidh pacáiste NextGenerationEU ag rannchuidiú go héifeachtach leis an téarnamh eacnamaíoch sna 27 mBallstát.

Faisnéis chúlra

Is í an Chúirt Iniúchóirí iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais Eorpaigh. Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais Eorpaigh iad tuarascálacha agus tuairimí na Cúirte. Úsáidtear iad chun iad siúd atá freagrach as cur chun feidhme bheartais agus chlár an Aontais a choimeád cuntasach: an Coimisiún, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, agus rialtais na mBallstát. Tugann an Chúirt rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraíonn sí dearbhú iniúchóireachta, tarraingíonn sí aird ar easnaimh agus dea-chleachtais, agus tugann sí treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí ó thaobh feabhas a chur ar bhainistiú bheartais agus chlár an Aontais.

Toghann 27 gComhalta na Cúirte Iniúchóirí an tUachtarán as a measc féin le fónamh mar ‘shaoi i measc na sua’ go ceann tréimhse in-athnuaite trí bliana. Is ar an Uachtarán atá an cúram i dtaobh na nithe seo a leanas: straitéis chorparáideach, pleanáil agus bainistiú feidhmíochta na hinstitiúide; cumarsáid agus an caidreamh leis na meáin; gnóthaí dlíthiúla agus an iniúchóireacht inmheánach; agus ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid sa chaidreamh seachtrach.

Teagmháil don phreas

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547